



Coláiste Chamuis

IS FIÚ AGUS IS FÉIDIR

Cúrsa Gaeltachta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí T1 & T2

Coláiste Chamuis, Ros a' Mhíl, Gaeltacht Chonamara
Cúrsa le Lóistín 2 oíche

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Achoimre ar an gCúrsa

Reáchtálfar an cúrsa Gaeltachta seo ar Champas Choláiste Chamuis i Ros a' Mhíl, Co. na Gaillimhe. Cabhróidh an cúrsa le múinteoirí barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna teagaisc trí mheán na Gaeilge, le sraith de cheardlanna praiticiúla i dtimpeallacht lántumtha teanga. Clúdóidh an cúrsa modhanna múinte nua-aimseartha, lena n-áirítear difreáil, cleachtadh aisghabhála, agus úsáid AI, agus cuirfidh na rannpháirtithe go mór lena líofacht teanga féin le linn an chúrsa.

Cé Muid

Tá Coláiste Chamuis ag cur cúrsaí lántumtha teanga ar fáil i nGaeltacht Chonamara le breis agus 50 bliain. Éiríonn lenár scoláirí líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge i dtimpeallacht dhearfach, thacúil. Cuireann muid béim ar úsáid na Gaeilge i saol an lae inniu trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha ar nós spóirt, imeachtaí cultúrtha, agus siamsaíocht, in éineacht le ranganna idirghníomhacha ag úsáid na modhanna múinte is éifeachtaí agus is nua-aimseartha.

Úsáidtear an cur chuige céanna, na luachanna agus na heispéiris chéanna inár gcúrsaí san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí, i dtimpeallacht dhinimiciúil shaibhir foghlama.

Nóta: Tá an cúrsa seo á chur ar fáil i gcomhar le COGG, a chlúdaíonn an chuid eile den chostas.

Cén Uair / Amchlár

Imeacht	Dáta / Am
Tús	5:00 I.N., 6/03/25 (Déardaoin)
Críoch	1:00 I.N., 8/03/25 (Dé Sathairn)
Clár Sóisialta	Gach tráthnóna mar chuid den chlár ama

Lóistín

Roghanna	Sonraí
Féinfhreastal	Eagraithe go háitiúil
Leaba & Bricfeasta	Ar fáil de réir éilimh
Bricfeasta, Lón, Dinnéar	Cuirfear béilí ar fáil mar chuid den chúrsa

Táille

Costas	Sonraí
€295 in aghaidh an mhúinteora	Íochta ag an scoil
€75 in aghaidh an mhúinteora	Íochta ag gach múinteoir
€370 san iomlán	San áireamh: 2 oíche lóistín, acmhainní teagaisc, iompar le linn an chúrsa, béilí & imeachtaí

Cúrsa Gaeltachta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí T1 & T2

Déardaoin I.N.

Do Scoileanna T1 & T2

Fáilte agus Súil chun Cinn
Forbhreathnú ar an gcúrsa agus na spriocanna.

Seisiún Tumoideachais Teanga
Cluichí idirghníomhacha agus tascanna comhrá le cur le scileanna Gaeilge.

Caint Chultúrtha:
Cén Fáth Gaeilge? Níos Fearr le Gaeilge? Machnamh ar thábhacht chultúrtha agus oideachasúil na Gaeilge.

Dé hAoine Seisiún 1

Do Scoileanna T1 & T2

Difreáil sa Seomra Ranga
Straitéisí praiticiúla chun tacú le scoláirí le leibhéal éagsúla Gaeilge.

Dé hAoine Seisiún 2

T1 Teanga na Scoile
Bainistiú ar thimpeallacht lán-Ghaeilge, ó sheomra ranga go dtí cruinnithe foirne.

T2 Úsáid AI i dTeagasc na Gaeilge
Comhtháthú uirlisí AI chun foghlaim na Gaeilge a phearsantú agus a fheabhsú.

Dé hAoine Seisiún 3

T1 Pobal Gaelach a Chothú
Straitéisí chun pobal láidir Gaeilge a chruthú agus a chothú sa scoil.

T2 Bealaí le Meon Dearfach Teanga a Chothú i measc na Foirne
Spreagadh na foirne i scoileanna Béarla le Gaeilge a úsáid go muiníneach.

Dé Sathairn R.N.

T1 Múineadh Ábhair Trí Ghaeilge
Múineadh ábhair lánranga ar nós na Matamaitice agus na hEolaíochta trí Ghaeilge.

T2 Cleachtadh Aisghabhála
Cleachtais aisghabhála i bhfoghlaim na Gaeilge chun stór focal agus gramadach a neartú.

